



Uimhir 31 de 1995

Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 31 de 1995

**ACHT NA gCÚIRTEANNA AGUS NA NOIFIGEACH
CÚIRTE, 1995**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.
2. Mínithe.
3. Aisghairm.

CUID II

AN CHÚIRT UACHTARACH

4. Cumhachtaí na Cúirte Achomhairc Choiriúil a dhílsiú don Chúirt Uachtarach.
5. An Chúirt Achomhairc Armchúirteanna.
6. An líon breithiúna sa Chúirt Uachtarach.
7. Suíonna den Chúirt Uachtarach.
8. Riaradh na Cúirte Uachtaraí.

CUID III

AN LÍON BREITHIÚNA SAN ARD-CHÚIRT, SA CHÚIRT CHUARDA AGUS SA CHÚIRT
DÚICHE

9. An líon gnáthbhreithiúna san Ard-Chúirt.
10. An líon gnáthbhreithiúna sa Chúirt Chuarda.
11. An líon breithiúna sa Chúirt Dúiche.

CUID IV

CEAPACHÁIN BHREITHIÚNACHA

12. Léiriú ar *Chuid IV*.
13. An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha.
14. Nósanna imeachta an Bhoird.
15. Comhalta den Bhord d'fháil bháis nó do scor.
16. Ainmneacha a chur faoi bhráid an Aire.
17. Comhairle maidir le breitheamh a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach.
18. Comhairle maidir leis an Ard-Aighne a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach.
19. Gealltanais a bheidh le tabhairt ag iarratasóirí ar oifig bhreithiúnach.
20. Rúndacht cumarsáidí.
21. Foireann an Bhoird agus cúnaimh don Bhord.
22. Caiteachais.
23. An Príomh-Bhreitheamh, etc. a cheapadh.

CUID V

MÁISTIR NA hARD-CHÚIRTE

24. Cumhachtaí Mháistir na hArd-Chúirte.
25. Éisteachtaí ag Máistir na hArd-Chúirte.
26. Suíonna Mháistir na hArd-Chúirte.

CUID VI

MÁISTIR FÓMHAS DON ARD-CHÚIRT

27. Cumhachtaí breise Máistir Fómhas don Ard-Chúirt.

CUID VII

CÁILIÚ BREITHIÚNA

28. Leasú ar alt 5 d'Acht 1961.
29. Leasú ar alt 14 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.
30. Leasú ar alt 17 d'Acht 1961.
31. Leasú ar alt 2 d'Acht na gCúirteanna, 1973.

CUID VIII

AN CHÚIRT CHUARDA

32. Breithiúna den Chúirt Chuarda d'aistriú trialacha i gcásanna coiriúla.

[1995.] *Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach* [Uimh. 31.]
Cúirte, 1995.

33. Breitheamh *ex officio* den Chúirt Chuarda.
34. Éisteachtaí ag Cláraitheoir Contae.
35. Leasú ar alt 9 den Acht Oifigeach Cúirte, 1945.
36. Leasú ar alt 2 d'Acht na gCúirteanna, 1977.

CUID IX

AN CHÚIRT DÚICHE

37. Breitheamh den chúirt dúiche a shannadh go sealadach.
38. Leasú ar alt 39 d'Acht 1961.
39. Leasú ar alt 42 d'Acht 1961.
40. Leasú ar alt 44 d'Acht 1961.
41. Leasú ar alt 79 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.

CUID X

ILGHNÉITHEACH

42. Leasú ar alt 34 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.
43. Leasú ar alt 38 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.
44. Ceart achomhairc i gcoinne na Príomh-Chúirte Coiriúla.
45. Cumhachtaí breise de chuid Choiste Rialacha na nUaschúirteanna agus Choiste Rialacha na Cúirte Cuarda.
46. Scálaí costas.
47. Aois scoir breithimh den Chúirt Uachtarach agus den Ard-Chúirt.
48. Cistí le haghaidh oiliúint agus oideachas a chur ar bhreithiúna.
49. Culaithirt chúirte.
50. Éilimh ar fhiacha agus ar shuimeanna leachtaithe.
51. Leasú ar alt 35 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.
52. Leasú ar alt 29 den Acht Carthanas, 1961.
53. Leasú ar alt 30 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989.
54. Leasú ar alt 32 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989.

AN CHÉAD SCEIDEAL

NA hAHTACHÁIN A AISGHARTEAR

AN DARA SCEIDEAL

ORDUITHE AR FÉIDIR LE CLÁRAITHEOIRÍ CONTAE IAD A DHÉANAMH

[Uimh. 31.] *Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach* [1995.]
Cúirte, 1995.

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Fhianaise Leabhar Baincírí, 1879 go 1959

An tAcht Carthanas, 1961	1961, Uimh. 17
An tAcht Carthanas, 1973	1973, Uimh. 13
An tAcht um Dh liteanas Sibhialta, 1961	1961, Uimh. 41
An tAcht Oifigeach Cúirte, 1945	1945, Uimh. 25
Na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1995	
Acht na gCúirteanna, 1973	1973, Uimh. 26
Acht na gCúirteanna, 1977	1977, Uimh. 11
Acht na gCúirteanna, 1981	1981, Uimh. 11
Acht na gCúirteanna, 1991	1991, Uimh. 20
Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961	1961, Uimh. 38
An tAcht um Achomhairc Armchúirteanna, 1983	1983, Uimh. 19
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924	1924, Uimh. 10
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1936	1936, Uimh. 48
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1953	1953, Uimh. 32
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	1961, Uimh. 39
Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991	1991, Uimh. 23
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1993	1993, Uimh. 40
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964	1964, Uimh. 7
An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989	1989, Uimh. 6
An tAcht um Dhlinse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1988	1988, Uimh. 3
An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975	1975, Uimh. 3
<i>Merchant Shipping Act</i> , 1894	1894, c. 60
An tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939	1939, Uimh. 13
Na hAchtanna Praghsanna, 1958 go 1972	
An tAcht um Stádas Leanaí, 1987	1987, Uimh. 26



Uimhir 31 de 1995

**ACHT NA gCÚIRTEANNA AGUS NA nOIFIGEACH
CÚIRTE, 1995**

[An tionsú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN ACHTA CÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS, 1924, AN ACHTA CÚIRTEANNA BREITHIÚNAIS, 1936, AN ACHTA OIFIGEACH CÚIRTE, 1945, ACHT NA gCÚIRTEANNA (BUNÚ AGUS COMHDHÉANAMH), 1961, ACHTANNA NA gCÚIRTEANNA (FORÁLACHA FORLÍONTACHA), 1961 GO 1991, ACHT NA gCÚIRTEANNA, 1973, ACHT NA gCÚIRTEANNA, 1981, AN ACHTA UM ACHOMHAIRC ARMCHÚIRTEANNA, 1983, DO BHUNÚ BOIRD CHOMHAIRLIGH UM CHEAPACHÁIN BHREITHIÚNACHA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS AN mBORD SIN, DO DHÉANAMH URASÚ MAIDIR LE hOILIÚINT BHREITHIÚNACH, DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ CHUMHACHTAÍ MHÁISTIR NA hARD-CHÚIRTE, MHÁISTRÍ FÓMHAIS NA hARD-CHÚIRTE AGUS NA gCLÁRAITHEOIRÍ CONTAE, DO LEATHNÚ CHUMHACHTAÍ CHOISTE RIALACHA NA nUASCHÚIRTEANNA AGUS CHOISTE RIALACHA NA CÚIRTE CUARDA, DO THOIRMEASC AR ABHCÓIDÍ NÓ AR ATURNAETHA PEIRIÚICÍ A CHAITHEAMH SA CHÚIRT, DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA CARTHANAS, 1961 AGUS 1973, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I bTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[15 Nollaig 1995]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

- 1.**—(1) Féadfar Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.
- (2) Tiocfaidh *ailt 3 (2), 4, 5 agus 44* i ngníomh cibé lá a shocróidh an Rialtas le hordú tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomh-Bhreitheamh agus le hUachtarán na hArd-Chúirte.

(3) Measfar go bhfoláionn an comhlua “Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1991”, Acht na gCúirteanna, 1991, agus Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) (Leasú), 1991.

(4) Forléireofar an tAcht seo, a mhéid a leasaítear nó a leathnaítear Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1991 leis, mar aon ní amháin leis na hAchtanna sin agus féadfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1995, a ghairm de na hAchtanna sin agus den Acht seo le chéile.

(5) Forléireofar an tAcht seo, a mhéid a leasaítear nó a leathnaítear na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1991 leis, mar aon ní amháin leis na hAchtanna sin agus féadfar na hAchtanna Oifigeach Cúirte, 1926 go 1995, a ghairm de na hAchtanna sin agus den Acht seo le chéile.

(6) Ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, forléireofar aon tagairt san Acht seo d’aon achtachán mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna leathnú, arna oiriúnú nó arna chur chun feidhme le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis sin, (lena n-áirítear an tAcht seo).

Mínithe.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1961” Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961;

ciallaíonn “an Chúirt Bhreithiúnais” Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Dlí agus Cirt.

Aisghairm.

3.—(1) Aisghairtear leis seo na hachtacháin a luaitear i *gcolún* (2) de *Chuid I* den *Chéad Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a mhéid a luaitear i *gcolún* (3) den *Sceideal* sin.

(2) Faoi réir *fho-alt* (3) den alt seo, aisghairtear leis seo na hachtacháin a luaitear i *gcolún* (2) de *Chuid II* den *Chéad Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a mhéid a luaitear i *gcolún* (3) den *Sceideal* sin.

(3) Beidh feidhm ag alt 44(2) den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939, agus éifeacht leis, chun críocha an fho-ailt sin d’ainneoin aisghairm ailt 28 agus 29 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 agus alt 12 d’Acht 1961.

CUID II

AN CHÚIRT UACHTARACH

Cumhachtaí na Cúirte Achomhairc Choiriúil a dhílsíú don Chúirt Uachtarach.

4.—(1) Dílseofar don Chúirt Uachtarach na cumhachtaí, an dlínse agus na feidhmeanna uile a bheidh, roimh theacht i ngníomh d’ordú faoi *alt 1(2)* den Acht seo, dílsithe don Chúirt Achomhairc Choiriúil nó infheidhmíthe aici.

(2) Éistfidh an Chúirt Uachtarach aon iarratas nó aon ní eile a bheidh ar feitheamh os comhair na Cúirte Achomhairc Choiriúil ar theacht i ngníomh d’ordú faoi *alt 1(2)* den Acht seo, nó roimhe sin, lena n-áirítear cásanna a bheith liostaithe chun a n-éisteachta ag an gCúirt sin agus aon fhógra achomhairc nó fógra i dtaobh iarratais ar chead chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil.

(3) Aon tagairtí don Chúirt Achomhairc Choiriúil in aon reacht nó in aon ionstraim reachtúil, forléireofar iad mar thagairtí don Chúirt Uachtarach.

5.—(1) Dilseofar don Chúirt Uachtarach na cumhachtaí, an dlínse agus na feidhmeanna uile a bheidh, roimh theacht i ngníomh d’ordú faoi *alt 1(2)* den Acht seo, dílsithe don Chúirt Achomhairc Armchúirteanna nó infheidhmithe aici.

An Chúirt Achomhairc
Armchúirteanna.

(2) Éistfidh an Chúirt Uachtarach aon iarratas nó aon ní eile a bheidh ar feitheamh os comhair na Cúirte Achomhairc Armchúirteanna ar theacht i ngníomh d’ordú faoi *alt 1(2)* den Acht seo, nó roimhe sin, lena n-áirítear cásanna a bheidh liostaithe chun a n-éisteachta ag an gCúirt sin agus aon fhógra achomhairc nó fógra i dtaobh iarratais ar chead chun achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Armchúirteanna.

(3) Aon tagairtí don Chúirt Achomhairc Armchúirteanna in aon reacht nó in aon ionstraim reachtúil, forléireofar iad mar thagairtí don Chúirt Uachtarach.

6.—(1) Leasaítear leis seo alt 1 d’Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

An líon breithiúna sa
Chúirt Uachtarach.

“(2) Beidh an Chúirt Uachtarach comhdhéanta de na breithiúna seo a leanas—

(a) uachtarán na cúirte sin, eadhon, An Príomh-Bhreitheamh (*The Chief Justice*), agus

(b) líon nach mó ná seachtar gnáthbheithiúna (a ngairfear de gach duine acu ‘Breitheamh den Chúirt Uachtarach’ (*Judge of the Supreme Court*)).”.

(2) Forléireofar alt 14 (1)(a)(i) den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 amhail is dá gcuirfí “ochtár” in ionad “cúigear” san alt sin.

7.—Leasaítear leis seo alt 7 d’Acht 1961 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) agus (4):

Suíonna den Chúirt
Uachtarach.

“(3) Féadfaidh an Chúirt Uachtarach suí in dhá rannán nó níos mó agus féadfaidh siad suí ag an am céanna.

(4) Faoi réir fho-alt (5) den alt seo, féadfaidh an Príomh-Bhreitheamh nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, an gnáthbheitheamh den Chúirt Uachtarach is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huair, a chinneadh go bhféadfaidh rannán de chúigear nó de thriúr breithiúna den Chúirt Uachtarach, lena n-áirítear breithiúna is breithiúna breise den Chúirt Uachtarach de bhua fho-alt (3) nó (4) d’alt 1 den Phríomh-Acht, achomharc chun na Cúirte Uachtaraí nó ábhar eile is intrialte aici a éisteacht agus a chinneadh.

(5) Déanfar achomharc chun na Cúirte Uachtaraí nó ábhar eile is intrialte ag an gCúirt Uachtarach faoi Airteagal 12 nó Airteagal 26 den Bhunreacht nó ceist i dtaobh bail a bheith nó gan a bheith ar aon dlí áirithe ag féachaint d’fhorálacha an Bhunreachta, a éisteacht agus a chinneadh ag cúigear breitheamh ar a laghad den Chúirt Uachtarach, ar a n-áirítear breithiúna is breithiúna breise den Chúirt Uachtarach de bhua fho-alt (3) nó (4) d’alt 1 den Phríomh-Acht.”.

Riaradh na Cúirte
Uachtaraí.

8.—D’ainneoin alt 18 (1)(a) d’Acht na gCúirteanna, 1981, is é feidhm an Phríomh-Bhreithimh nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, an ghnáthbhreithimh den Chúirt Uachtarach is sinsearaí, a shocrú go ndéanfar gnó na Cúirte Uachtaraí a leithroinnt agus a dháileadh.

CUID III

AN LÍON BREITHIÚNA SAN ARD-CHÚIRT, SA CHÚIRT CHUARDA AGUS SA CHÚIRT
DÚICHEAn líon
gnáthbhreithiúna san
Ard-Chúirt.

9.—(1) Ní mó ná 19 an líon gnáthbhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt.

(2) Cuirfear an mhír seo a leanas in ionad mhír (b) (a cuireadh isteach le hAcht na gCúirteanna, 1991) d’alt 14 (1) den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975:

“(b) más rud é ar é nó í a cheapadh amhlaidh gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte é nó í nó gur gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt é nó í, ansin, fad a shealbhóidh sé nó sí an oifig bhreithiúnach a shealbhaigh sé nó sí ar é nó í a cheapadh amhlaidh—

(i) ní mó ná 20 an líon gnáthbhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt, agus

(ii) déanfar an tagairt in *alt 9 (1) d’Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995*, do 19 a fhorléiriú mar thagairt do 20, agus”.

An líon
gnáthbhreithiúna sa
Chúirt Chuarda.

10.— Ní mó ná 24 an líon gnáthbhreithiúna a bheidh sa Chúirt Chuarda.

An líon breithiúna sa
Chúirt Dúiche.

11.—(1) Ní mó ná 50, i dteannta Uachtarán na Cúirte Dúiche, an líon breithiúna a bheidh sa Chúirt Dúiche.

(2) Leasaítear mír 2 (1) (b) den Séú Sceideal a ghabhann le hAcht 1961 (arna leasú le hAcht na gCúirteanna, 1991) trí “12” a chur in ionad “11”.

CUID IV

CEAPACHÁIN BHREITHIÚNACHA

Léiriú ar *Chuid IV*.

12.—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “an Bord” an Bord a bhunófar faoi *alt 13* den Acht seo;

ciallaíonn “oifig bhreithiúnach” oifig is oifig gnáthbhreithimh den Chúirt Uachtarach, oifig gnáthbhreithimh den Ard-Chúirt, oifig gnáthbhreithimh den Chúirt Chuarda nó oifig breithimh den Chúirt Dúiche (seachas Uachtarán na Cúirte Dúiche).

An Bord
Comhairleach
um Cheapacháin
Bhreithiúnacha.

13.—(1) D’fhonn daoine a shainaitheint agus oiriúnacht na ndaoine sin lena gceapadh chuig oifig bhreithiúnach a chur in iúl don Rialtas,

bunófar comhlacht ar a dtabharfar an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha (dá ngairtear “an Bord” sa Chuid seo).

(2) Is iad na daoine seo a leanas a bheidh ar an mBord—

- (a) (i) an Príomh-Bhreitheamh, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBord,
- (ii) Uachtarán na hArd-Chúirte,
- (iii) Uachtarán na Cúirte Cuarda,
- (iv) Uachtarán na Cúirte Dúiche,
- (v) an tArd-Aighne,
- (b) (i) abhcóide cleachtach a bheidh ainmnithe ag Cathaoirleach Chomhairle Bharra na hÉireann de thuras na huaire,
- (ii) atur nae cleachtach a bheidh ainmnithe ag Uachtarán Dhlí-Chumann na hÉireann de thuras na huaire,

agus

- (c) triúr ar a mhéid a cheapfaidh an tAire is daoine a bheidh ag gabháil do thráchtáil, d’airgeadas, do riarachán nó a mbeidh eolas nó taithí (is eolas nó taithí a mheasfaidh an tAire a bheith cuí) acu ar an gcéanna nó daoine a mbeidh taithí acu mar thomhaltóirí na seirbhísí a sholáthraíonn na cúirteanna is taithí a mheasfaidh an tAire a bheith cuí.

(3) Aon duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord de bhua fhorálacha *fho-alt (2)(b)* agus *(c)* den alt seo, beidh sé ina chomhalta nó beidh sí ina comhalta den Bhord go ceann tréimhse nach faide ná 3 bliana, agus beidh aon duine den sórt sin a cheapfar amhlaidh in-athcheaptha ar an mBord.

(4) Féadfaidh an Bord gníomhú d’ainneoin folúntais ina chomhaltas.

14.—(1) Féadfaidh an Bord cibé nósanna imeachta is cuí leis a ghlacadh chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhall agus féadfaidh sé fochoistí den Bhord a cheapadh chun cuidiú leis.

Nósanna imeachta an Bhoird.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* den alt seo, féadfaidh an Bord—

- (a) fôgraíocht a dhéanamh le haghaidh iarratas ar cheapadh breithiúnach,
- (b) a cheangal ar iarratasóirí foirmeacha iarratais a chomhlánú,
- (c) dul i gcomhairle le daoine maidir le hoiriúnacht iarratasóirí don Bhord,
- (d) a iarraidh ar dhaoine, a bheidh sainaitheanta ag an mBord, a n-ainmneacha a chur faoi bhráid an Bhoird lena mbreithniú,
- (e) socrú a dhéanamh chun agallamh a chur ar iarratasóirí ar mian leo go ndéanfadh an Bord iad a bhreithniú lena gceapadh chuig oifig bhreithiúnach, agus
- (f) cibé nithe eile a dhéanamh a mheasfaidh an Bord is gá chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo.

Comhalta den Bhord
d'fháil bháis nó do
scor.

15.—(1) Ar an bPríomh-Bhreitheamh d'fháil bháis nó do scor, beidh an gnáthbhreitheamh den Chúirt Uachtarach is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huairé ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord go dtí go gceapfar Príomh-Bhreitheamh.

(2) Ar Uachtarán na hArd-Chúirte d'fháil bháis nó do scor, beidh an gnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huairé ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord go dtí go gceapfar Uachtarán ar an Ard-Chúirt.

(3) Ar Uachtarán na Cúirte Cuarda d'fháil bháis nó do scor, beidh an breitheamh is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huairé de na breithiúna den Chúirt Cuarda a bheidh buansanta do Chuaire Bhaile Átha Cliath ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord go dtí go gceapfar Uachtarán ar an gCúirt Cuarda.

(4) Ar Uachtarán na Cúirte Dúiche d'fháil bháis nó do scor, beidh an breitheamh den Chúirt Dúiche is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huairé de na breithiúna den Chúirt Dúiche a bheidh buansanta do Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord go dtí go gceapfar Uachtarán ar an gCúirt Dúiche.

Ainmneacha a chur
faoi bhráid an Aire.

16.—(1) Aon duine ar mian leis nó léi go mbreithneofaí é nó í lena cheapadh nó lena ceapadh chuig oifig bhreithiúnach, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl don Bhord i scríbhinn agus soláthróidh sé nó sí cibé faisnéis don Bhord a theastóidh uaidh chun a chumasú dó breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht an duine sin le haghaidh oifige breithiúnaí, lena n-áirítear faisnéis maidir le hoideachas, cáilíochtaí gairmiúla, taití agus carachtar.

(2) Faoi réir *alt 17* den Acht seo, ar an Aire á iarraidh sin, déanfaidh an Bord—

(a) i gcás ina mbeidh oifig bhreithiúnach folamh, nó

(b) sula n-éireoidh folúntas in oifig bhreithiúnach,

ainm gach duine a chuir in iúl don Bhord gur mian leis nó léi go mbreithneofaí é nó í lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an oifig bhreithiúnach sin a chur faoi bhráid an Aire agus déanfaidh an Bord seachtar ar a laghad a mholadh don Aire lena gceapadh chuig an oifig bhreithiúnach sin.

(3) Soláthróidh an Bord don Aire sonraí maidir le hoideachas, cáilíochtaí gairmiúla, taití agus carachtar na ndaoine a mholfaidh sé faoin alt seo.

(4) I gcás go gcuirfidh níos lú ná seachtar in iúl don Bhord gur mian leo go ndéanfaí iad a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach nó i gcás nach bhféadfaidh an Bord seachtar ar a laghad a mholadh don Aire, de bhun *fho-alt (2)* den alt seo, déanfaidh an Bord ainm gach duine a chuir in iúl don Bhord gur mian leis nó léi go mbreithneofaí é nó í lena cheapadh nó lena ceapadh chuig oifig bhreithiúnach a chur faoi bhráid an Aire agus déanfaidh an Bord cibé daoine díobh sin a mheasfaidh sé a bheith oiriúnach lena gceapadh a mholadh don Aire lena gceapadh chuig an oifig sin.

(5) I gcás níos mó ná oifig bhreithiúnach amháin sa chúirt chéanna a bheith folamh, nó sula n-éireoidh níos mó ná folúntas amháin sa chúirt chéanna, déanfaidh an Bord, ar an Aire á iarraidh sin, ainm gach duine a chuir in iúl don Bhord gur mian leis nó léi go mbreithneofaí é nó í lena cheapadh nó lena ceapadh chuig oifig bhreithiúnach a chur faoi bhráid an

Aire agus molfaidh an Bord don Aire ainmneacha seachtair ar a laghad i leith gach folúntais nó cibé líon ainmneacha is lú ná sin a shonróidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an mBord.

(6) Le linn comhairle a thabhairt don Uachtarán i ndáil le ceapadh duine chuig oifig bhreithiúnach, déanfaidh an Rialtas na daoine sin ar moladh a n-ainmneacha don Aire de bhun an ailt seo a bhreithniú sa chéad áit lena gceapadh.

(7) Ní dhéanfaidh an Bord ainm duine a chur faoi bhráid an Aire nó é a mholadh don Aire faoin alt seo mura gcomhlíonfaidh an duine ceanglais alt 5 (2) (arna leasú leis an Acht seo) d'Acht 1961 (i gcás ceapacháin chuig an gCúirt Uachtarach nó chuig an Ard-Chúirt), alt 17 (2) (arna leasú leis an Acht seo) d'Acht 1961 (i gcás ceapacháin chuig an gCúirt Chuarda) nó alt 29 (2) agus (3) d'Acht 1961 (i gcás ceapacháin chuig an gCúirt Dúiche), maidir leis an gceapachán beartaithe, agus ní mholfaidh an Bord ainm duine don Aire mura rud é, i dtuairim an Bhoird—

- (a) gur léirigh an duine ina chleachtadh nó ina cleachtadh mar abhcóide nó mar aturnae, de réir mar a bheidh, méid inniúlachta agus méid ionracais is cuí don cheapachán lena mbaineann agus atá ar comhréir leis,
- (b) go bhfuil an duine oiriúnach ó thaobh carachtair agus meoin de,
- (c) go bhfuil an duine oiriúnach thairis sin, agus
- (d) go gcomhlíonann an duine ceanglais *alt 19* den Acht seo.

(8) Déanfar fógra faoi cheapachán chuig oifig bhreithiúnach a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus beidh san fhógra, más é an cás é, ráiteas á rá gur mhol an Bord ainm an duine don Aire de bhun an ailt seo.

17.—Ní bheidh feidhm ag forálacha *alt 16* den Acht seo i gcás ina mbeartaíonn an Rialtas comhairle a thabhairt don Uachtarán duine a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach is duine atá de thuras na huaire ina bhreitheamh nó ina breitheamh den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche nó is duine atá incheaptha chuig an gCúirt Uachtarach nó chuig an Ard-Chúirt faoi fhorálacha mhíreanna (c) agus (d) d'alt 5 (2) (a cuireadh isteach le *halt 28* den Acht seo) d'Acht 1961.

Comhairle faoi bhreitheamh a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach.

18.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus (3) den alt seo, ní dhéanfaidh an Bord ainmneacha aon chomhaltaí dá chomhaltaí féin a chur faoi bhráid an Aire, ná aon chomhaltaí dá chomhaltaí féin a mholadh lena gceapadh chuig oifig bhreithiúnach.

Comhairle maidir leis an Ard-Aighne a cheapadh chuig oifig bhreithiúnach.

(2) Féadfaidh an Bord an tArd-Aighne a mholadh lena cheapadh nó lena ceapadh chuig oifig bhreithiúnach.

(3) I gcás gur mian leis an Ard-Aighne go mbreithneofaí é nó í lena cheapadh nó lena ceapadh chuig oifig bhreithiúnach, tarraingeoidh sé nó sí siar ó aon phlé a dhéanfaidh an Bord maidir lena oiriúnacht nó lena hoiriúnacht le haghaidh oifige breithiúnaí.

19.—Aon duine ar mian leis nó léi go mbreithneofaí é nó í lena cheapadh nó lena ceapadh chuig oifig bhreithiúnach, tabharfaidh sé nó sí gealltanais i scríbhinn don Bhord go gcomhaontóidh sé nó sí, má cheaptar chuig oifig bhreithiúnach é nó í, cibé cúrsa nó cúrsaí oiliúna nó oideachais, nó iad araon, a dhéanamh, a cheanglóidh an Príomh-Bhreitheamh nó Uachtarán na cúirte a gceapfar an duine sin chuici.

Gealltanais a bheidh le tabhairt ag iarratasóirí ar oifig bhreithiúnach.

- Rúndacht cumarsáidí. **20.**—Beidh imeachtaí uile an Bhoird agus an uile chumarsáid chuig an mBord faoi rún agus ní nochtfar iad ach amháin chun críocha an Achta seo.
- Foireann an Bhoird agus cúnamh don Bhord. **21.**—Féadfaidh an tAire cibé seirbhísí, lena n-áirítear foireann, a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, a chur ar fáil don Bhord.
- Caiteachais. **22.**—Déanfar na caiteachais a thabhófar ag riaradh na Coda seo den Acht seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.
- An Príomh-Bhreitheamh, etc. a cheapadh. **23.**—I gcás go mbeartaíonn an Rialtas comhairle a thabhairt don Uachtarán maidir le ceapachán chuig oifig an Phríomh-Bhreithimh, oifig Uachtarán na hArd-Chúirte, oifig Uachtarán na Cúirte Cuarda nó oifig Uachtarán na Cúirte Dúiche, tabharfaidh sé aird ar dtús ar cháilíochtaí agus oiriúnacht daoine a bheidh ag fónamh an tráth sin mar bhreithiúna i gcúirteanna a bunaíodh de bhun Airteagal 34 den Bhunreacht.

CUID V

MÁISTIR NA hARD-CHÚIRTE

- Cumhachtaí Mháistir na hArd-Chúirte. **24.**—Údaraítear leis seo le dlí do Mháistir na hArd-Chúirte feidhmeanna agus cumhachtaí teoranta breithiúnais a thagann faoi raon Airteagal 37 den Bhunreacht a fheidhmiú.
- Éisteachtaí ag Máistir na hArd-Chúirte. **25.**—(1) Faoi réir *fho-alt* (2) den alt seo agus *alt* 26 den Acht seo, i ngach iarratas den sórt sin arna dhéanamh *ex parte* nó trí fhorriarratas iar bhfógra cibé acu idirbhreitheach nó eile agus i ngach iarratas den sórt sin ar bhreithiúnas trí chomhthoilíú nó de mhainneachtain láithriú nó cosaint a dhéanamh a fhéadfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte a leithroinnt lena éisteacht ag Máistir na hArd-Chúirte ó am go ham, féadfaidh Máistir na hArd-Chúirte na feidhmeanna, na cumhachtaí agus an dlínse uile a fheidhmiú breitheamh den Ard-Chúirt ó am go ham a fheidhmiú.
- (2) Gan dochar do chumhachtaí Mháistir na hArd-Chúirte faoin Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1988, ní dhéanfaidh Máistir na hArd-Chúirte aon fheidhm, aon chumhacht ná aon dlínse a fheidhmiú i leith aon cheann de na nithe seo a leanas:
- (a) nithe a bhaineann le himeachtaí coiriúla;
 - (b) nithe a bhaineann le saoirse an duine, lena n-áirítear astú;
 - (c) urghairí a dheonú;
 - (d) bannaí;
 - (e) aon saincheist a thriail roimh chaingean a thriail;
 - (f) orduithe coinníollacha nó orduithe eile i nithe ar Thaobh an Stáit, nó aon chineál eile iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, seachas orduithe le haghaidh méadú nó giorrú tréimhse ama;
 - (g) aon chúis nó ábhar a bhaineann le Coimircí Cúirte;
 - (h) aon ní a bhaineann le coimeád leanaí;

- (i) ceadú socraíochtaí i gcásanna ina n-éilítear damáistí thar ceann naíon;
- (j) iarratais faoi alt 63 den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961.

(3) Maidir leis na feidhmeanna, na cumhachtaí agus an dlínse uile a d'fheidhmigh Máistir na hArd-Chúirte díreach roimh an Acht seo a rith de bhua aon reachta nó rialach cúirte, féadfaidh Máistir na hArd-Chúirte leanúint dá bhfeidhmiú nó dá feidhmiú, ach amháin a mhéid a bheidh an céanna ar neamhréir leis na heisceachtaí a luaitear i *bhfo-alt (2)* den alt seo.

(4) Féadfaidh Máistir na hArd-Chúirte cibé feidhmeanna agus cumhachtaí breise nó eile a fheidhmiú i ndáil le nithe a éireoidh sula dtriailfear caingean, ar feidhmeanna agus cumhachtaí iad a thabharfar do Mháistir na hArd-Chúirte ó am go ham le rialacha cúirte.

(5) Beidh orduithe uile Mháistir na hArd-Chúirte faoi réir achomhairc chun na hArd-Chúirte.

(6) Féadfaidh Coiste Rialacha na nUaschúirteanna, le comhthoilíú an Aire, rialacha cúirte a dhéanamh i ndáil le haon fheidhm, aon chumhacht nó aon dlínse a thugtar do Mháistir na hArd-Chúirte faoin alt seo.

26. Is é feidhm Uachtarán na hArd-Chúirte, nó i gcás nach mbeidh Uachtarán na hArd-Chúirte ar fáil, is é feidhm an ghnáthbhreithimh den Ard-Chúirt is sinsearaí a bheidh ar fáil de thuras na huair, suíonna Mháistir na hArd-Chúirte agus leithroinnt gnó de chuid na hArd-Chúirte ar Mháistir na hArd-Chúirte a shocrú chun críocha *alt 25* den Acht seo.

Suíonna Mháistir na hArd-Chúirte.

CUID VI

MAÍSTIR FÓMHAS DON ARD-CHÚIRT

27.—(1) Ar Mháistir Fómhais don Ard-Chúirt nó ar Chláraitheoir Contae a bheidh ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais don Ard-Chúirt d'fhómhas costas amhail idir páirtí agus páirtí, nó ar Mháistir Fómhais don Ard-Chúirt d'fhómhas costas amhail idir aturnae agus cliant, beidh cumhacht ag an Máistir Fómhais (nó ag an gCláraitheoir Contae de réir mar a bheidh) ar an bhfómhas sin chun cineál agus méid aon oibre a rinne, nó seirbhísí a thug nó a sholáthair abhcóide (cibé acu abhcóide sinsir nó abhcóide sóisir), nó aturnae, nó finné saineolach a láithrigh i gcás nó aon saineolaí a d'fhostaigh páirtí a scrúdú, agus féadfaidh sé nó sí luach oibre den sórt sin a rinneadh nó seirbhíse den sórt sin a tugadh nó a soláthraíodh a fhómhas, a mheasúnú agus a chinneadh i dtaca le tomhas, ceadú nó dícheadú aon chostas, muirear, táillí nó caiteachas a bheidh ar áireamh i mbille costas.

Cumhachtaí breise Máistir Fómhais don Ard-Chúirt.

(2) Ar Mháistir Fómhais don Ard-Chúirt nó ar Chláraitheoir Contae a bheidh ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais don Ard-Chúirt d'fhómhas costas amhail idir páirtí agus páirtí, nó ar Mháistir Fómhais don Ard-Chúirt d'fhómhas costas amhail idir aturnae agus cliant, beidh cumhacht ag an Máistir Fómhais (nó ag an gCláraitheoir Contae de réir mar a bheidh) ar an bhfómhas sin chun aon chostais, muirir, táillí nó caiteachais a bheidh ar áireamh i mbille costas i leith abhcóide (cibé acu abhcóide sinsir nó abhcóide sóisir) nó i leith aturnae nó finné shaineolaigh a láithrigh i gcás, nó aon saineolaí a d'fhostaigh páirtí, a cheadú go hiomlán nó go páirteach, ar costais, muirir, táillí nó caiteachais iad a mheasfaidh an Máistir Fómhais

(nó an Cláráitheoir Contae de réir mar a bheidh) dá rogha féin a bheith cóir agus réasúnach in imthosca an cháis, agus beidh cumhacht ag an Máistir Fómhais i bhfeidhmiú na rogha sin chun aon chostais, muirir, táillí nó caiteachais den sórt sin a dhícheadú go hiomlán nó go páirteach.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt breith ó Mháistir Fómhais don Ard-Chúirt a athbhreithniú agus féadfaidh an Chúirt Chuarda breith ó Chláráitheoir Contae ag feidhmiú cumhachtaí Máistir Fómhais don Ard-Chúirt agus arna tabhairt i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo a athbhreithniú, ar breith í chun aon chostais, muirir, táillí nó caiteachais a cheadú nó a dhícheadú ar an gcoinníoll amháin gur deimhin leis an Ard-Chúirt go ndearna an Máistir Fómhais, nó gur deimhin leis an gCúirt Chuarda go ndearna an Cláráitheoir Contae, earráid maidir leis an méid a ceadaíodh nó a dícheadaíodh ionas gur breith mhíchóir breith an Mháistir Fómhais nó an Chláráitheora Contae.

(4) Ní bheidh aon táille fhruilleachais nó áirithíochta iníochta le haon aturnae, abhcóide (cibé acu abhcóide sinsir nó abhcóide sóisir) nó le haon fhinné cibé acu gairmiúil nó eile, ar chostais a fhómhas amhail idir páirtí agus páirtí, ná ar bhille costas aturnae agus cliaint a fhómhas i gcás go measfaidh an Máistir Fómhais (nó an Cláráitheoir Contae, de réir mar a bheidh) íoc na táille sin a bheith míréasúnach in imthosca an cháis.

(5) Ar chostais a fhómhas amhail idir aturnae agus cliant, ní gá dearbháin nó admhálacha a thabhairt ar aird i leith aon eisíocaíochtaí (lena n-áirítear táillí abhcóide) a íoc, ach ar an bhfómhas a chríochnú ní eiseofar aon Deimhniú Fómhais go dtí go mbeidh dearbháin chuí nó admhálacha cuí i leith eisíocaíochtaí tugtha ar aird agus deimhnithe ar dtús, agus glactha ag an Máistir Fómhais nó mura mbeidh comhaontú déanta ag na páirtithe nó breith tugtha ag an Máistir Fómhais nach gá dearbháin chuí nó admhálacha cuí a sholáthar i leith eisíocaíochtaí.

(6) Gan dochar d'fhorálacha Ordú 99, riail 29 (12) agus (14) de Rialacha na nUaschúirteanna, 1986, nó gan dochar d'aon achtachán lena rialáiltear muirearú táillí is iníochta in Oifig an Mháistir Fómhais ar dheimhniú fómhais a thógáil, ar bhille costas a fhómhas (cibé acu ar bhonn aturnae agus cliaint nó ar bhonn páirtí agus páirtí), ní bheidh aon aturnae nó cuntasóir costas dlíthiúil nó tarraingeoir costas eile i dteideal aon táillí, eisíocaíochtaí, muirear nó caiteachas i ndáil le costais a fhómhas amhail in aghaidh an pháirtí fhreasúraigh, ach amháin amhail in aghaidh an pháirtí a thabhaigh na táillí, na heisíocaíochtaí, na muirir nó na caiteachais sin.

(7) Ar an Ard-Chúirt nó ar an gCúirt Chuarda do dhéanamh athbhreithniú ar fhómhas (cibé acu ar bhonn aturnae agus cliaint nó ar bhonn páirtí agus páirtí), ní bheidh aon aturnae nó cuntasóir costas dlíthiúil nó aon tarraingeoir costas eile a bheidh ar áirithiú chun an bille costas a thíolacadh don Mháistir Fómhais nó do Chláráitheoir Contae i dteideal go n-íocfaí leis nó léi aon táillí, eisíocaíochtaí, muirir nó caiteachais as é nó í do fhreastal sa chúirt chun fianaise a thabhairt i ndáil leis an mbille costas, ach amháin amhail in aghaidh an pháirtí a thabhaigh na táillí, na heisíocaíochtaí, na muirir nó na caiteachais sin.

(8) Féadfaidh an Máistir Fómhais (nó Cláráitheoir Contae de réir mar a bheidh), ar iarraidh ó na páirtithe a mbeidh baint acu le haon fhómhas a dhéanamh ar chostais, cuid de bhille costas a fhómhas más rud é gurb í an chuid sin amháin den bhille costas a bheidh faoi dhíospóid, lena n-áirítear aon mhír nó míreanna costas a bheidh faoi dhíospóid idir na páirtithe.

(9) I gcás go ngabhann Máistir Fómhais (nó Cláraitheoir Contae de réir mar a bheidh) fómhas páirteach costas de lámh faoi *fho-alt* (8) den alt seo, beidh cumhacht ag an Máistir Fómhais (nó ag an gCláraitheoir Contae de réir mar a bheidh) a iarraidh ar aon pháirtí san fhómhas cibé faisnéis nó faisnéis bhreise a sholáthar a theastóidh ón Máistir Fómhais (nó ón gCláraitheoir Contae de réir mar a bheidh) i dtaca leis an bhfómhas, agus aon doiciméid nó páipéir a bhaineann leis an gcúis nó an leis an ábhar agus atá i seilbh aon pháirtí den sórt sin a chur faoina bhráid nó faoina bráid lena mbreithniú i dtaca leis an bhfómhas.

(10) I gcás go ndearnadh cuid de bhille costas a fhómhas, beidh na costais fómhais, lena n-áirítear aon dleacht is iníoctha, bunaithe ar cibé mír nó míreanna sa bhille costas a ndearnadh fómhas uirthi nó orthu.

(11) Féadfaidh Máistir Fómhais na hArd-Chúirte (nó an Cláraitheoir Contae de réir mar a bheidh) costais dhlíthiúla a éireoidh as imscrúduithe foirmiúla faoi alt 466 den *Merchant Shipping Act, 1894* a fhómhas.

CUID VII

CÁILIÚ BREITHIÚNA

28.—Leasaítear leis seo fo-alt (2) d’alt 5 d’Acht 1961 trí na míreanna seo a leanas a chur isteach: Leasú ar alt 5 d’Acht 1961.

“(c) Chun críocha mhír (a) den fho-alt seo, measfar gur cleachtadh ag an mBarra seirbhís mar bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, mar bhreitheamh den Chúirt Chéadchéime a ghabhann léi nó mar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais.

(d) Beidh breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, breitheamh den Chúirt Chéadchéime a ghabhann léi nó Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais, ar é nó í do scaradh le haon cheann de na hoifigí sin, cáilithe lena cheapadh nó lena ceapadh ina Bhreitheamh nó ina Breitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt: ar choinníoll gur abhcóide cleachtach é nó í a mbeidh seasamh 12 bhliain ar a laghad aige nó aici de bhua mhír (c) den fho-alt seo nó ar shlí eile.

(e) D’ainneoin mhíreanna (a) agus (b) den fho-alt seo, beidh breitheamh den Chúirt Chuarda a mbeidh seasamh ceithre bliana aige nó aici cáilithe lena cheapadh nó lena ceapadh ina bhreitheamh nó ina breitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt.”.

29.—Leasaítear leis seo alt 14 (1) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, trí “nó is aturnaetha ag cleachtadh a ngairme” a chur isteach i ndiaidh “is abhcóidí ag cleachtadh a ngairme”. Leasú ar alt 14 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.

30.—Leasaítear leis seo Acht 1961—

Leasú ar alt 17 d’Acht 1961.

(a) trí “nó ina aturnae cleachtach” a chur isteach i ndiaidh “abhcóide cleachtach” in alt 17 (2) (a), agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach in alt 17 (2):

“(c) Chun críocha mhír (a) den fho-alt seo, maidir le seirbhís, i gcás aturnae, mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche, measfar gur cleachtadh mar aturnae í.”.

Leasú ar alt 2 d’Acht na gCúirteanna, 1973.

31.—Leasaítear leis seo alt 2 (1) agus alt 2 (2) d’Acht na gCúirteanna, 1973, trí “nó gur chleachtadh mar aturnae” a chur isteach i ndiaidh “measfar gur chleachtadh ag an mBarra” agus trí “nó gur cleachtadh mar aturnae” a chur isteach i ndiaidh “measfar gur cleachtadh ag an mBarra” .

CUID VIII

AN CHÚIRT CHUARDA

Breithiúna den Chúirt Chuarda d’aistriú trialacha i gcásanna coiriúla.

32.—(1) I gcás go mbeidh duine (dá ngairtear “an cúisí” san alt seo) curtha ar aghaidh chun a thrialach nó a trialach go dtí an Chúirt Chuarda, ina suí di in áit seachas laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Chuarda a mbeidh an cúisí intrialte os a chomhair nó os a comhair, ar iarratas ón ionchúisitheoir nó ón gcúisí, más deimhin leis nó léi go mbeadh sé éagórach go follasach gan déanamh amhlaidh, an triail a aistriú go dtí an Chúirt Chuarda ina suí di laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath agus is breith chríochnaitheach neamh-inachomhairc an bhreith an t-iarratas a dheonú nó a dhiúltú.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir le fógra a thabhairt á rá go bhfuiltear chun iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* den alt seo agus i dtaobh na bhforas ar a mbeidh an t-iarratas sin bunaithe.

(3) I gcás—

(a) go gcuirfeadh dhá chúisí nó níos mó ar aghaidh chun a dtrialach go dtí an Chúirt Chuarda ina suí di in áit seachas laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath agus go mbeartófar iad a thriail le chéile, agus

(b) go ndeonófar iarratas ó dhuine amháin nó níos mó de na cúisithe, ach ní uathu go léir, faoi *fho-alt (1)* den alt seo,

deonófar iarratas, a rinneadh gan fógra a thabhairt don chúisí, ón ionchúisitheoir chun an bhreithimh a dheonaigh an t-iarratas go ndéanfaí triail duine amháin nó níos mó de na cúisithe eile a aistriú go dtí an Chúirt Chuarda ina suí di laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath.

Breitheamh *ex officio* den Chúirt Chuarda.

33.—Is breitheamh *ex officio* den Chúirt Chuarda a bheidh ina Uachtarán nó ina hUachtarán ar an gCúirt Dúiche.

Éisteachtaí ag Cláráitheoir Contae.

34.—(1) Gan dochar d’aon chumhachtaí, údaráis, dualgais nó feidhmeanna a fhéadfaidh Cláráitheoir Contae a fheidhmiú nó a bhféadfaí iad a thabhairt le reacht nó le rialacha cúirte do Chláráitheoir Contae, féadfaidh Cláráitheoir Contae aon cheann de na horduithe a luaitear sa *Dara Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a dhéanamh.

(2) Beidh gach ordú ó Chláráitheoir Contae faoi réir achomhairc chun na Cúirte Cuarda.

Leasú ar alt 9 den Acht Oifigeach Cúirte, 1945.

35.—Leasaítear leis seo an tAcht Oifigeach Cúirte, 1945 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) d’alt 9 den Acht sin:

“9.—(1) (a) I gcás folúntas a bheith in oifig a ghabhann le haon chúirt nó i gcás sealbhóir ar oifig a ghabhann le haon chúirt a

bheith as láthair nó éagumasaithe, féadfaidh an tAire, faoi réir fho-alt (2) den alt seo, a cheangal ar oifigeach ar bith a ghabhann leis an gcúirt sin nó le haon chúirt eile agus a údarú dó nó di dualgais na hoifige sin a chomhlíonadh (i dteannta a chuid dualgas féin nó a cuid dualgas féin), le linn tréimhse sonraithe nó go dtí go n-ordóidh an tAire a mhalairt.

- (b) D'ainneoin fhoráil mhír (a) d'fho-alt (1) den alt seo, féadfaidh an tAire, i gcás inar cuí leis an Aire é, a cheangal ar Chláraitheoir Contae agus a údarú dó nó di dualgais aon Chláraitheora Contae eile a chomhlíonadh (i dteannta a chuid dualgas féin nó a cuid dualgas féin) le linn tréimhse sonraithe nó go dtí go n-ordóidh an tAire a mhalairt.”

36.—Leasaítear leis seo alt 2 d'Acht na gCúirteanna, 1977—

Leasú ar alt 2 d'Acht na gCúirteanna, 1977.

- (a) trí na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (a) (a cuireadh isteach le hAcht na gCúirteanna, 1991) d'fho-alt (1):

“(a) Beidh deichniúr breitheamh den Chúirt Chuarda buansanta do Chuaird Bhaile Átha Cliath.

(aa) Beidh triúr breitheamh den Chúirt Chuarda buansanta do Chuaird Chorcaí.”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) (a cuireadh isteach le hAcht na gCúirteanna, 1991):

“(2) I gcás breitheamh den Chúirt Chuarda a bheith ceaptha, déanfaidh an Rialtas é nó í a bhuanannadh—

(a) do Chuaird Bhaile Átha Cliath más rud é ar dháta an cheaptha gur lú ná deichniúr an líon breithiúna a bheidh buansanta don chuaird sin, nó

(b) do Chuaird Chorcaí más rud é ar dháta an cheaptha gur lú ná triúr an líon breithiúna a bheidh buansanta don chuaird sin, nó

(c) d'aon chuaird eile nach mbeidh ar dháta an cheaptha aon bhreitheamh buansanta di.”.

CUID IX

AN CHÚIRT DÚICHE

37.—Leasaítear mír 3 (1), (2) agus (3) den Séú Sceideal a ghabhann le hAcht 1961 tríd an méid seo a leanas a chur ina hionad:

Breitheamh den chúirt dúiche a shannadh go sealadach.

“3.—(1) Maidir le breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh buansanta do dhúiche áirithe, féadfaidh Uachtarán na Cúirte Dúiche, le toiliú uaidh nó uaithi, é nó í a shannadh go sealadach ó ham go ham do dhúiche eile, ach ní dochar an sannadh sealadach sin d'fheidhmiú agus do chomhlíonadh na bpríbhleáidí, na gcumhachtaí agus na ndualgas aige nó aici a bheidh arna dtabhairt dó nó di nó arna

bhforchur air nó uirthi de thuras na huairle le dlí i ndáil leis an dúiche a mbeidh sé nó sí buansanta di.

(2) Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Dúiche breitheamh den Chúirt Dúiche nach mbeidh buansanta do dhúiche de thuras na huairle a shannadh d'aon dúiche ó am go ham.

(3) Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Dúiche breitheamh sealadach den Chúirt Dúiche a shannadh go sealadach d'aon dúiche ó am go ham.”.

Leasú ar alt 39 d'Acht 1961.

38.—Leasaítear leis seo alt 39 d'Acht 1961 tríd an alt seo a leanas a chur ina ionad:

“An líon breithiúna a bheidh buansanta do dhúichí.

39.—Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le hUachtarán na Cúirte Dúiche, an líon breithiúna sa Chúirt Dúiche a bheidh le buansannadh do Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath nó do Dhúiche Chúirte Dúiche eile a chinneadh agus féadfaidh an tAire ó am go ham, de réir mar is cuí leis nó léi, tar éis dul i gcomhairle leis an Uachtarán sin, an líon breithiúna a bheidh le sannadh do Dhúiche áirithe a athrú.”.

Leasú ar alt 42 d'Acht 1961.

39.—Leasaítear leis seo Acht 1961 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) d'fho-alt (1) d'alt 42:

“(a) socrú chun gnó na Cúirte Dúiche i nDúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath nó i cibé Dúiche Chúirte Dúiche eile a mbeidh níos mó ná breitheamh amháin buansanta di a roinnt ar na breithiúna den Chúirt Dúiche a bheidh sannta do Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath nó do cibé Dúiche Chúirte Dúiche eile, agus”.

Leasú ar alt 44 d'Acht 1961.

40.—Leasaítear leis seo Acht 1961 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 44:

“Comhaltaí *ex officio* de Choiste Rialacha na Cúirte Dúiche.

44.—Is iad is comhaltaí *ex officio* de Choiste Rialacha na Cúirte Dúiche a bunaíodh le halt 71 d'Acht 1936, mar a chuirtear chun feidhme é le halt 48 den Acht seo, Uachtarán na Cúirte Dúiche (a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste) agus cibé duine a ainmneoidh an tAire chuige sin de na cléirigh chúirte dúiche, agus beidh seisean nó sise ina rúnaí don Choiste.”.

Leasú ar alt 79 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.

41.—Leasaítear leis seo alt 79 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(2) Ar theacht i ngníomh *d'alt 41 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995*, i gcás nach mbeidh breitheamh a bheidh sannta de thuras na huairle do Dhúiche Chúirte Dúiche ar fáil, féadfaidh aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche dlínse a fheidhmiú, faoi réir fho-alt (3) den alt seo, i leith na Dúiche sin i gcás coiriúil in aon áit sa Stát.

(3) Maidir le breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh ag feidhmiú dlínse faoi fho-alt (2) den alt seo, ní bheidh dlínse aige nó aici réamhscrúdú faoi fhorálacha an Achta um Nós Imeachta Coiriúil,

1967 a sheoladh mura rud é go bhfeidhmítear an dlínse sin sa Dúiche Chúirte Dúiche—

(a) ina ndearnadh an cion, nó

(b) ina bhfuil cónaí ar an gcúisí nó inar gabhadh é nó í.

(4) I gcás duine a chúisítear i gcion coiriúil a bheith os comhair breithimh den Chúirt Dúiche i nDúiche seachas an Dúiche ina ndearnadh an cion nó ina bhfuil cónaí ar an gcúisí nó inar gabhadh é nó í, féadfaidh an breitheamh, ar fhorriarratas uaidh nó uaithi féin nó ar iarratas ón gcúisí nó ón ionchúiseamh, an cás a aistriú go dtí an Dúiche Chúirte Dúiche ina ndearnadh an cion nó ina bhfuil cónaí ar an gcúisí nó inar gabhadh é nó í.

(5) Ar theacht i ngníomh *d'alt 41 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995*, d'ainneoin aon ní atá in alt 16 (2) d'Acht na gCúirteanna, 1981, féadfaidh aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche ordú a dhéanamh faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, i gcás inar deimhin leis nó léi gur gá sna imthosca ordú den sórt sin a dhéanamh go práinneach.”.

CUID X

ILGHNÉITHEACH

42.—Leasaítear leis seo alt 34 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, tríd an alt seo a leanas a chur ina ionad:

Leasú ar alt 34 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.

“An Ard-Chúirt ar Cuaird.

34.—(1) Dhá uair i ngach bliain, ag cibé tráthanna a chinnfidh an Príomh-Bhreitheamh agus Uachtarán na hArd-Chúirte, suífidh an Ard-Chúirt i ngach contae agus contaebhuirg (seachas contae Bhaile Átha Cliath agus contaebhuirg Bhaile Átha Cliath) chun achomhairc i gcoinne na Cúirte Cuairde a éisteacht agus chun cibé gnó eile a dhéanamh a thabharfar os a comhair go dleathach, agus chuige sin déanfaidh breitheamh amháin nó níos mó den Ard-Chúirt gach Cuaird Ard-Chúirte faoi leith a thaisteal agus suíonna den Ard-Chúirt a thionól i cibé bailte achomhairc a gceanglaítear orthu láithriú iontu de réir mar a chinnfidh Uachtarán na hArd-Chúirte.

(2) An Ard-Chúirt ar Cuaird a thabharfar ar an Ard-Chúirt, agus a ghairtear san Acht seo den Ard-Chúirt, ina suí dí i mbaile achomhairc de bhun an ailt seo, agus suíonna den Ard-Chúirt ar Cuaird a thabharfar ar na suíonna den Ard-Chúirt, agus a ghairtear san Acht seo de na suíonna den Ard-Chúirt, in aon bhaile achomhairc den sórt sin de bhun an ailt seo.

(3) Cinnfidh an Príomh-Bhreitheamh agus Uachtarán na hArd-Chúirte i gcomhpháirt, maidir le gach suí dábhliantúil den Ard-Chúirt ar Cuaird, líon na mbreithiúna a thaistealóidh agus

a shuífídh ar Chuaird Ard-Chúirte chun críocha suíonna den Ard-Chúirt ar Cuaird agus an lá agus an uair a thosóidh na suíonna sin i mbaile achomhairc ar gach Cuaird den sórt sin.

(4) I gcás—

- (a) go mbeidh beirt bhreitheamh nó níos mó ag taisteal Cuarda Ard-Chúirte chun aon suíonna dábhliantúla den Ard-Chúirt ar Cuaird a thionól sa chuaird sin, agus
- (b) go bhfaighidh an breitheamh is sinsearaí de na breithiúna amach nach bhfuil aon ghnó le déanamh ag na suíonna sin in aon bhaile achomhairc áirithe do chontae nó do chontaebhuirg sa Chuaird Ard-Chúirte sin,

féadfaidh an breitheamh is sinsearaí de na breithiúna a ordú i scríbhinn nach bhfuil oibleagáid ann na suíonna sin a thionól sa bhaile achomhairc sin.

(5) I gcás—

- (a) nach mbeidh ach aon bhreitheamh amháin ag taisteal Cuarda Ard-Chúirte chun aon suíonna dábhliantúla den Ard-Chúirt ar Cuaird a thionól sa chuaird sin, agus
- (b) go bhfaighidh an breitheamh amach nach bhfuil aon ghnó le déanamh ag na suíonna sin in aon bhaile achomhairc áirithe do chontae nó do chontaebhuirg sa Chuaird Ard-Chúirte sin,

féadfaidh an breitheamh a ordú i scríbhinn nach bhfuil oibleagáid ann na suíonna sin a thionól sa bhaile achomhairc sin.

(6) Féadfar ordachán faoin alt seo a chomhdú san Oifig Chúirte Cuarda a fhónann don bhaile achomhairc lena mbaineann an t-ordachán.

(7) Déanfar na tagairtí in ailt 35 agus 36 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, do ‘leath-bhliantúil’ agus ‘leath-bhliantúla’ a fhorléiriú mar thagairtí do ‘dábhliantúil’ agus ‘dábhliantúla’ faoi seach.”.

Leasú ar alt 38 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936.

43.—Leasaítear leis seo alt 38 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(5)(a) D’ainneoin fho-alt (1) (b) den alt seo féadfaidh aon pháirtí in achomharc iarratas a dhéanamh aon tráth chun na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath nó chun na hArd-Chúirte ar Cuaird ar ordú go n-éistfidh an Ard-Chúirt ina suí i mBaile Átha Cliath nó i mbaile achomhairc eile sa chuaird chéanna an t-achomharc.

- (b) Féadfar an t-iarratas a dhéanamh *ex parte* más ar thoiliú a fháil ó gach páirtí san achomharc a dhéanfar é.
- (c) Ar an iarratas a éisteacht, féadfaidh an Ard-Chúirt cibé ordú a dhéanamh is gá de réir cheartas an cháis agus éistfean an t-achomharc san ionad a ordóidh an Ard-Chúirt.”.

44.—Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne breithe ón bPríomh-Chúirt Choiriúil duine a éigiontú, seachas achomharc faoi alt 34 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967.

Ceart achomhairc i gcoinne na Príomh-Chúirte Coiriúla.

45.—(1) D’ainneoin aon achtacháin nó rialach dlí ar dá bhua nó dá bua a bheidh doiciméid arna n-ullmhú chun críche imeachtaí sibhialta atá ar feitheamh nó atá beartaithe (nó i dtaca le comhairle dlí a fháil nó a thabhairt) faoi phribhléid in imthosca áirithe ó thaobh iad a nochtadh, féadfaidh Coiste Rialacha na nUaschúirteanna, nó Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda, de réir mar a bheidh, le comhthoiliú an Aire, rialacha a dhéanamh—

Cumhachtaí breise de chuid Choiste Rialacha na nUaschúirteanna agus Choiste Rialacha na Cúirte Cuarda.

- (a) lena gceanglófar ar aon pháirtí i gcaingean díobhálacha pearsanta Ard-Chúirte nó Cúirte Cuarda, faoi cibé tráth nó dáta a shonrófar sna rialacha, an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh don pháirtí eile nó do na páirtithe eile, gan é a bheith riachtanach do cheachtar páirtí aon iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun an nochtadh sin a cheadú, eadhon—
 - (i) aon tuarascáil nó ráiteas ó aon saineolaí a mbeartaítear glaoch air nó uirthi chun fianaise a thabhairt arb í tuairim liachta nó pharailiachta i ndáil le saincheist sa chás;
 - (ii) aon tuarascáil nó ráiteas ó aon saineolaí eile i dtaobh na fianaise a bheartaíonn an saineolaí sin a thabhairt i ndáil le saincheist sa chás;
 - (iii) ainmneacha agus seoltaí na bhfinnéithe go léir a mbeartaítear glaoch orthu chun fianaise a thabhairt maidir le fíorais sa chás;
 - (iv) ráiteas iomlán i dtaobh na míreanna damáiste speisialta go léir mar aon le dearbháin chuí, nó ráitis ó fhinnéithe ar trína bhfianaise a dhéanfaí an caillteanas sin a chruthú sa chaingean;
 - (v) ráiteas i scríbhinn ón Roinn Leasa Shóisialaigh ina dtaispeántar na híocaíochtaí go léir a rinneadh le gearánaí i ndiaidh tionóisce nó údarú ón ngearánaí chuig an gcosantóir chun iarratas a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin; agus
 - (vi) cibé faisnéis nó doiciméadacht iomchuí eile (dá bhforálfar le rialacha cúirte) d’fhonn triail caingne díobhálacha pearsanta den sórt sin a éascú;
- (b) ina mbeidh foráil go ndéanfaidh an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, smachtbhanna a fhorchur mar gheall ar cheanglas faoi *mhír (a)* den fho-alt seo a bheith gan chomhlíonadh, lena n-áirítear caingean a fhoirceannadh, toirmeasc ar pháirtí cibé fianaise nach bhfuil nochtaithe a

thabhairt ar aird gan cead ón gcúirt, agus pionóis maidir le dámhachtain costas.

(2) Féadfar le rialacha cúirte a dhéanfar chun críocha an ailt seo forálacha éagsúla a dhéanamh maidir le haicmí éagsúla cásanna.

(3) Aon tagairtí san alt seo do thuarascáil shaineolach nó do thuarascáil faoi ráitis ó shaineolaí is tagairtí iad d'fhianaise i cibé foirm nó do thuarascáil i scríbhinn ó dhuine ina ndéileálfar go hiomlán nó go formhór le nithe a bhfuil an duine sin cáilithe chun fianaise shaineolach a thabhairt maidir leo.

(4) D'ainneoin na rialach dlí in aghaidh fianaise chlostráichta a ghlacadh agus d'ainneoin na pribhléide a ghabhann le doiciméid a ullmhaítear chun críche imeachtaí sibhialta atá ar feitheamh nó atá beartaithe, féadfaidh Coiste Rialacha na nUaschúirteanna nó Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda, le comhthoilíú an Aire, rialacha a dhéanamh lena gceadófar faisnéis, doiciméadacht, tuarascálacha nó ráitis a nochtfar de bhun *fho-alt (1)* den alt seo a ghlacadh i bhfianaise i gcaingne díobhálacha pearsanta san Ard-Chúirt nó sa Chúirt Cuarda, faoi réir cibé coinníollacha agus nósanna imeachta is gá chun leasanna na bpáirtithe a chosaint.

Scálaí costas.

46.—(1) I gcás—

(a) go n-iarrfaidh an tAire ar údarás déanta rialacha rialacha lena rialófar ceisteanna costas lena n-áirítear scálaí costas aturnaetha agus táillí abhcóidí a chur faoina bhráid nó faoina bráid le comhthoilíú an Aire a fháil, agus

(b) gurb amhlaidh—

(i) go mainneoidh an t-údarás déanta rialacha na rialacha sin a chur faoi bhráid an Aire laistigh de thrí mhí ón tráth a dhéanfar an iarraidh, nó

(ii) go mbeidh sna rialacha a bheidh curtha faoi bhráid an Aire scálaí costas aturnaetha nó táillí abhcóidí nó iad araon a bheidh iomarcach i dtuairim an Aire,

féadfaidh an tAire, le rialachán, scálaí cuí costas aturnaetha agus táillí abhcóidí a fhorordú.

(2) Ceanglófar toiliú an Aire Fiontar agus Fostaíochta a fháil faoi fhorálacha na nAchtanna Praghsanna, 1958 go 1972, chun go bhfeidhmeoidh an tAire cumhacht an Aire faoi *fho-alt (1)* den alt seo.

(3) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuifidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhni dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(4) Ciallaíonn “Údarás déanta rialacha” Coiste Rialacha na nUaschúirteanna, Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda nó Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche.

Aois scoir breithimh den Chúirt Uachtarach agus den Ard-Chúirt.

47.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus (3) den alt seo, 70 bliain an aois scoir do bhreitheamh den Chúirt Uachtarach agus den Ard-Chúirt.

(2) 72 bhliain an aois scoir do bhreitheamh den Chúirt Uachtarach agus den Ard-Chúirt a bheidh i seilbh oifige an tráth a thioctaidh an t-alt seo i ngníomh.

(3) 72 bhliain an aois scoir do dhuine a bheidh i seilbh oifige mar bhreitheamh den Ard-Chúirt, den Chúirt Chuarda, den Chúirt Dúiche, den Chúirt Bhreithiúnais, den Chúirt Chéadchéime a ghabhann léi nó mar Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais an tráth a thioctaidh an t-alt seo i ngníomh nó roimhe sin, agus a cheapfar ina dhiaidh sin chun bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt.

48.—Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cistí a sholáthar chun oiliúint agus oideachas a chur ar bhreithiúna.

Cistí le haghaidh oiliúint agus oideachas a chur ar bhreithiúna.

49.—Ní cheanglófar ar abhcóide ná ar atur nae le linn dó nó di láithriú in aon chúirt peiriúic den chineál a chaití roimhe seo ná aon pheiriúic eile de chineál searmanach a chaitheamh.

Culaithirt chúirte.

50.—(1) I gcás, i gcás éilimh san Ard-Chúirt ar fhiach nó ar shuim leachtaithe, go ndéanfar iarratas ar bhreithiúnas de mhainneachtain cosaint a dhéanamh, féadfaidh Máistir na hArd-Chúirte an rogha a fheidhmiú ús a dhámhachtain, is rogha a thugtar do bhreitheamh le halt 22 d’Acht na gCúirteanna, 1981.

Éilimh ar fhiacha agus ar shuimeanna leachtaithe.

(2) I gcás, i gcás éilimh san Ard-Chúirt ar fhiach nó ar shuim leachtaithe, go ndéanfar iarratas ar bhreithiúnas de mhainneachtain láithriú a dhéanamh, féadfaidh Cláráitheoir na Príomh-Oifige an rogha a fheidhmiú ús a dhámhachtain, is rogha a thugtar do bhreitheamh le halt 22 d’Acht na gCúirteanna, 1981.

(3) I gcás, i gcás éilimh sa Chúirt Chuarda ar fhiach nó ar shuim lechtaithe, go ndéanfar iarratas ar bhreithiúnas de mhainneachtain láithriú nó cosaint a dhéanamh, féadfaidh an Cláráitheoir Contae an rogha a fheidhmiú ús a dhámhachtain, is rogha a thugtar do bhreitheamh le halt 22 d’Acht na gCúirteanna, 1981.

(4) Féadfar achomharc a dhéanamh chuig breitheamh den Ard-Chúirt in aghaidh breithe faoi *fho-alt (1)* nó *fho-alt (2)* den alt seo.

(5) Féadfar achomharc a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Chuarda in aghaidh breithe faoi *fho-alt (3)* den alt seo.

51.—Leasaítear leis seo alt 35 (3) den Acht Oifigigh Cúirte, 1926, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

Leasú ar alt 35 den Acht Oifigigh Cúirte, 1926.

“(aa) gur abhcóide é nó í a mbeidh seasamh ocht mbliana ar a laghad aige nó aici agus a bheidh ag cleachtadh a ghairme nó a gairme an uair sin nó a chleacht í roimhe sin ar feadh ocht mbliana ar a laghad, nó”.

52.—Leasaítear leis seo alt 29 (arna leasú leis an Acht Carthanas, 1973) den Acht Carthanas, 1961—

Leasú ar alt 29 den Acht Carthanas, 1961.

(a) trí “£250,000 luach an bhronntanais charthanúil” a chur in ionad “fiche a cúig míle punt luach an bhronntanais chartanúil” i bhfo-alt (2) (b);

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás—

- (a) go mbeidh scéim chun bronntanas carthanúil a chur chun feidhme cumtha le hordú ó Chúirt, agus
- (b) go mbeidh imthosca ann i ndáil leis an scéim a dtiocfadh de bharr iad a bheith ann i ndáil le bronntanas carthanúil go bhféadfaí an mhaoin a bheith ar áireamh sa bhronntanas a chur chun feidhme *cy-pres*, agus

(c) nach mó ná £250,000 luach an bhronntanais charthanúil, féadfaidh an Bord, más cuí leo é, le hordú an scéim a chúlghairm agus scéim nua a chumadh ina hionad nó an scéim a chúlghairm go páirteach nó a leasú ar shlí eile, chun an mhaoin a bheith ar áireamh sa bhronntanas carthanúil a chur chun feidhme *cy-pres*.”; agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(9) Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt ordú a dhéanamh ó am go ham lena n-athrófar na méideanna airgid atá sonraithe i bhfo-ailt (2) agus (4) den alt seo ag féachaint d’athruithe ar luach an airgid i gcoitinne sa Stát ó sonraíodh na méideanna airgid sin ar dtús.

(10) Gach ordú a dhéanfar faoi fho-alt (9) den alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuifidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”.

Leasú ar alt 30 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989.

53.—Leasaítear leis seo alt 30 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, trí “agus folaíonn sé imeachtaí a bhaineann le neamhniú pósta” a chur isteach i ndiaidh “(j) an tAcht um Stádas Leaná, 1987.”.

Leasú ar alt 32 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989.

54.—Leasaítear leis seo alt 32 den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, trí “agus na himeachtaí” a chur isteach i ndiaidh “na hAchtanna” agus tá an t-alt arna leasú amhlaidh leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

Is in áit dhifriúil nó ag tráthanna difriúla nó ar laethanta difriúla leo sin ar a dtionóltar na gnáthshuíonna den Chúirt Chuarda a shuifidh an Chúirt Teaghlaigh Chuarda chun imeachtaí a thionscnaítear faoin Acht seo agus faoi na hAchtanna agus na himeachtaí dá dtagraítear in alt 30 den Acht seo a éisteacht agus a chinneadh.

[1995.] *Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach* [Uimh. 31.]
Cúirte, 1995.

Alt 3.

AN CHÉAD SCEIDEAL
 NA HACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

CUID I

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 10 de 1924	An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924	Alt 12
Uimh. 32 de 1953	An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1953	Alt 12
Uimh. 39 de 1961	Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	Alt 4(1)
Uimh. 11 de 1977	Acht na gCúirteanna, 1977	Alt 1(2) Alt 1(3)
Uimh. 11 de 1981	Acht na gCúirteanna, 1981	Alt 31
Uimh. 20 de 1991	Acht na gCúirteanna, 1991	Alt 17

CUID II

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 10 de 1924	An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924	Alt 28 Alt 29
Uimh. 15 de 1928	An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1928	Alt 5(1), na focail “no, ar athchomharc, ag an gCúirt Uachtarach” Alt 5(2), na focail “no an Chúirt Uachtarach”
Uimh. 38 de 1961	Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961	Alt 3
Uimh. 39 de 1961	Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961	Alt 12
Uimh. 19 de 1983	An tAcht um Achomhairc Armchúirteanna, 1983	Alt 3, an abairt “a bhunaítear le halt 9” Alt 9 Alt 10 Alt 11 Alt 12 Alt 14 Alt 25, na focail “nó deimhniú um chúnadh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach)” Alt 29 Alt 30(3), na focail “nó deimhniú um chúnadh dlíthiúil (an Chúirt Uachtarach)”
Uimh. 40 de 1993	An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1993	Alt 11

Alt 34.

AN DARA SCEIDEAL

ORDUITHE AR FÉIDIR LE CLÁRAITHEOIRÍ CONTAE IAD A
DHÉANAMH

1. Féadfaidh Cláraitheoir Contae aon cheann de na horduithe seo a leanas a dhéanamh:

- (i) Aon ordú a fhéadfar a dhéanamh sa ghnáthchúrsa.
- (ii) Ordú lena lorgáitear ráiteas faoi ainmneacha na ndaoine is comhpháirtithe in aon ghnólacht a bheidh ag agairt nó á agairt i gcaingean nó in ábhar.
- (iii) Ordú chun an tréimhse ama a fhadú chun aon ghníomh nó aon bheart a dhéanamh i gcaingean nó in ábhar.
- (iv) Ordú chun doiciméid nó maoin réadach nó phearsanta a fhollasú, ar mhodh teoranta nó ginearálta, nó a iniúchadh, nó chun agarcheisteanna a sheachadadh.
- (v) Ordú chun glacadóir a cheapadh nó a urscaoileadh in iarratais neamhchospóidithe.
- (vi) Ordú chun caingean a dhíbhe, maille le costais, d'uireasa í a thabhairt ar aghaidh nó toisc nach ndearnadh mionnscribhinn i gcomhair follasaithe nó nár freagraíodh agarcheisteanna.
- (vii) Ordú chun cosaint a scriosadh amach maille le costais toisc nach ndearnadh mionnscribhinn i gcomhair follasaithe nó nár freagraíodh agarcheisteanna.
- (viii) Ordú chun fianaise a thógáil, ar coimisiún.
- (ix) Ordú de dhroim iarratais ar ordacháin maidir le seirbheáil i gcás bille shibhialta nó doiciméid tionscnaimh eile nach ábhar *inter partes* é nó maidir le haon nós imeachta eile in aon chaingean nó ábhar.
- (x) Ordú lena gcuirtear páirtí breise isteach in aon imeacht nó lena gcuirtear páirtí in ionad páirtí eile in aon imeacht.
- (xi) Ordú lena dtugtar cead chun idiragairt agus láithriú a dhéanamh.
- (xii) Ordú chun pléadálacha a leasú, le toiliú.
- (xiii) Ordú chun toiliú a ghlacadh agus riail chúirte a dhéanamh de i gcás na páirtithe a bheith *sui juris*.
- (xiv) Ordú faoi na hAchtanna um Fhianaise Leabhar Baincírí, 1879 agus 1959.
- (xv) Ordú chun cistí atá chun sochair do naíon a íoc amach as an gcúirt ar é nó í do theacht i lán-aois, nó (má údaraítear é le hordú ó bhreitheamh) chun tairbhe dó nó di le linn mionaoise.
- (xvi) Ordú i gcásanna neamhchospóidithe chun cuntas a thógáil nó fiosrúchán a dhéanamh.

- (xvii) Ordú chun forghairm a eisiúint, lena seirbheáil lasmuigh den dlínse, d'fhonn imeachtaí in ábhair phrobháide chointinneacha a thabhairt faoi aird.
- (xviii) Ordú chun forghairm a eisiúint d'fhonn deonú probháide nó litreacha riaracháin a thaisceadh sa chúirt in ábhair phrobháide chointinneacha.
- (xix) Ordú lena dtugtar cead chun mionnscribhinn fhorlíontach scribhinní a chomhdú.
- (xx) Ordú á ordú d'aon pháirtí scribhinní a thaisceadh.
- (xxi) Ordú lena gceaptar glacadóir in ionad glacadóra a d'éag nó a urscaoileadh, lena n-áirítear aon ordacháin iarmhartacha riachtanacha maidir le cuntais an ghlacadóra éagtha nó urscaoilte.
- (xxii) Ordú stoptha ar airgead nó ar urrúis sa chúirt.
- (xxiii) Ordú chun *sub-poena* a eisiúint faoi Ordú 39, rial 30, de Rialacha na nUaschúirteanna.
- (xxiv) Ordú chun *lis pendens* a dhíchur ar iarratas ón duine a chláraigh é.
- (xxv) Ordú faoi Ordú 33, rial 1, de Rialacha na nUaschúirteanna, le toiliú, ag socrú na saincheistanna a bheidh le triail.
- (xxvi) Ordú lena dtugtar cead chun forghníomhú a eisiúint in ainm nó i gcoinne ionadaí pearsanta dlíthiúil páirtí éagtha.
- (xxvii) Ordú lena dtugtar cead chun Ordú nua Forghníomhaithe a eisiúint ar an ordú bunaidh a bheith caillte.
- (xxviii) Ordú chun imeachtaí a aistriú chuig an gCúirt Dúiche, le toiliú ó na páirtithe, lena n-áirítear gach ordú coimhdeach chun airgead a taisceadh sa Chúirt a aistriú.
- (xxix) Ordú lena dtugtar cead chun fógra tríú páirtí a sheirbheáil le toiliú ón ngearánaí.

2. Féadfaidh Cláráitheoir Contae in aon chás, le toiliú na bpáirtithe go léir lena mbaineann nó le hordú ón gCúirt, aon damáistí a bhfuil teideal ag páirtí chucu a mheasúnú, nó aon chuntas a thógáil.

3. Féadfaidh Cláráitheoir Contae, le toiliú na bpáirtithe go léir lena mbaineann, aon saincheist fíorais a thriail.

4. In aon chásanna ina bhféadfaidh Cláráitheoir Contae ordú a dhéanamh féadfaidh sé nó sí freisin aon ordú forlíontach nó coimhdeach a dhéanamh agus féadfaidh sé nó sí aon ordacháin atá riachtanach a thabhairt.

5. In aon chás ina bhféadfaidh Cláráitheoir Contae ordú a dhéanamh, is faoi rogha an Chláráitheora Contae a bheidh costais an iarratais agus féadfaidh sé nó sí a ordú suim i gcomhlán a íoc in ionad costais arna bhfómhas a íoc.

6. Féadfaidh Cláráitheoir Contae dá rogha féin aon chás a aistriú go dtí liostaí na Cúirte lena éisteacht.

7. (a) Beidh lánchumhacht ag Cláraitheoir Contae, chun críche aon imeachtaí a bheidh os a chomhair nó os a comhair, páirtithe agus finnétithe a thoghairm, daoine a chur faoi mhionn, a cheangal doiciméid a thabhairt ar aird, mionnscribhinní, dearbhascthaí agus admhálacha a thógáil agus páirtithe agus finnétithe a cheistiú ar agarcheisteanna nó *viva voce*.
- (b) Beidh de cheangal ar pháirtithe agus ar fhinnétithe a dtoghairfear orthu freastal os comhair Cláraitheora Contae freastal, agus dlífead prósís díspeagtha a chur orthu amhail mar a dhlitear prósís díspeagtha a chur ar pháirtithe nó ar fhinnétithe mura ndéantar de réir aon ordaithe ón gCúirt.

8. Aon pháirtí arb éagóir leis nó léi ordú, lena n-áirítear ordú i leith costas, arna dhéanamh ag Cláraitheoir Contae, féadfaidh sé nó sí, laistigh de dheich lá ó dháta a chomhlánaithe nó, i gcás ordaithe arna dhéanamh *ex parte*, laistigh de dheich lá ó dháta seirbheála an ordaithe, nó i gcás diúltú, laistigh de dheich lá ó dháta an diúltaithe sin, a iarraidh ar an gCúirt Chuarda an t-ordú sin a urscaoileadh nó an t-ordú a dhéanamh a mbeifear tar éis a dhiúltú.

9. Féadfar éisteacht a thabhairt d'abhcóide in aon chás os comhair Cláraitheora Contae, ach ní cheadófar costais an abhcóide sin mura mbeidh deimhnithe ina leith ag Cláraitheoir Contae.

10. Féadfaidh Cláraitheoir Contae aon cheann de na horduithe taoibhe seo a leanas a dhéanamh:

- (i) Chun an gearánaí, ar naíon é nó í le déanaí, do thabhairt imeachtaí ar aghaidh ina ainm nó ina hainm féin, ar a lán-aois a shlánú.
- (ii) Chun imeachtaí a thabhairt ar aghaidh i gcoinne cosantóra, ar naíon é nó í le déanaí, ar a lán-aois a shlánú.
- (iii) Chun imeachtaí a thabhairt ar aghaidh d'ainneoin páirtí d'fháil bháis, ach a chearta nó a cearta a bheith ar marthain.
- (iv) Chun imeachtaí a thabhairt ar aghaidh trí Ard-Aighne nua nó i gcoinne Ard-Aighne nua.
- (v) Go dtabharfaidh páirtí cíosrolla.
- (vi) Go n-íocfaidh tionóntaí a gcíosanna le glacadóir, le forghabhálaí, le caomhnóir nó le riarthóir *pendente lite*.
- (vii) Go ndéanfaidh daoine a mbeidh fiacha ag eastát pearsanta orthu na suimeanna a bheidh dlite díobh a íoc le glacadóir nó le riarthóir *pendente lite*.
- (viii) Le haghaidh urghaire do Shirriam chun ceannaitheoir a chur i seilbh i gcás Cláraitheora Contae a bheidh sannta do na hoifigí Cúirte Cuarda do chontaetha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.
- (ix) Le haghaidh urghaire do Shirriam chun tionónta a chur i seilbh i gcás Cláraitheora Contae a bheidh sannta do na hoifigí Cúirte Cuarda do chontaetha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.
- (x) Chun díol a dhaingniú go hiomlán.


- (xi) Chun toiliú a ghlacadh agus riail Chúirte a dhéanamh de i gcás na páirtithe a bheith *sui juris*.
- (xii) Chun ordú coinníollach a dhaingniú ar dheimhniú nár suíodh aon chúis, agus chun ordú a dhéanamh á ordú cibé costais (más ann) a forchoimeádadh tráth déanta an ordaithe choinníollaigh a íoc.
- (xiii) Le haghaidh breithiúnais eisealbhaithe ar shéanadh.
- (xiv) Chun dul ar aghaidh, comhréiteach as an áireamh.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€3.81

ISBN 978-1-4468-6826-3



9 781446 868263